

## UNION SYNDICALE – CUSPÓIRÍ

Leasanna na foirne uile a chosaint.  
Na Rialacháin Foirne a chosaint / a fheabhsú.  
Fíorsheirbhís shibhialta Eorpach, a bheidh neamhspleách, buan agus ar ardchaighdeán, a chur ar fáil.  
Luach saothair cothrom tarraingteach a choimeád ar mhaithe le foireann ardcháilíochta a earcú agus a choinneáil.

## UNION SYNDICALE – A bhFUIL BAINTE AMACH

Cuntas teiste agus saineolas cruthaithe maidir le leas an bhaill foirne/ leas na foirne a chosaint. Mar shampla:

- Dul chun cinn suntasach i gcás dlí an Chomhphobail:
  - tacaíocht mhorálta / airgeadais do chomhghleacaithe i gcásanna dlí: aitheantas ar chearta / sásamh dlí.
- 40 bliain ceannaireachta chun modh ceangailteach a bhunú / a choimeád chun ár luach saothair / tuarastail a choigeartú (“la Méthode”). Córas ar cosaint dúinn é ar chinntí treallacha na Comhairle agus a chiallaíonn nach gá tabhairt faoin idirbheartaíocht na faoin troid chéanna bliain i ndiaidh bliana.



**Union  
Syndicale  
Fédérale  
Consilium**



### Ó CHLÉ:

Mohamed MERHZAQUI tel: 8879  
Michael HUMPHRIES tel: 2948  
Magali DA-ROS tel: 6469

William SPURGEON tel: 2972  
Frances MCFADDEN tel: 5865  
Bernd LOESCHER tel: 5280  
Aneta CIRSTOIU tel: 6469

**Cuireann UNION SYNDICALE  
na múrtha fáilte romhat chuig  
an gComhairle**

## SOCHAIR BALLRAÍOCHTA

Sainchomhairle faoi na hábhair seo a leanas:

- cúrsaí dlí
- cearta aonair
- árachas sláinte
- naíolanna, scoileanna, etc.
- ardú céime
- pinsin & aistriú teidlíochtaí pinsin ón bhfostaíocht a bhí agat roimhe sin
- cáin
- athrú poist
- ag oiriúnú don saol sa Bheilg
- bainistiú an ama (fleisc-am)

## MÓIDE:

- árachas ardchaighdeán lena ngabhann téarmaí fabhracha (e.g. árachas sláinte comhlántach)
- cúnaimh dlíthiúil (comhairliúchán in aisce ónár ndlíodóirí i dtaca le fadhbanna oibre / fadhbanna pearsanta)
- cumhdach páirteach nó iomlán chostais na n-imeachtaí dlíthiúla (i gcásanna áirithe)
- cúrsaí oiliúna do chomórtais inmheánacha agus comórtais oscailte (in aisce / rátaí fabhracha) – do do theaghlach chomh maith
- aisíocaíocht iomlán / pháirteach ar phá a baineadh díot le linn gníomhaíocht stailce (faoi réir coinníollacha áirithe)
- a bheith rannpháirteach i gcinneadh bheartais an cheardchumainn trí chruinnithe / ionadaithe a thoghadh / seasamh i dtoghán
- cuireadh chuig imeachtaí sóisialta

## NEART AGUS DOIMHNEAHT

- Tá láithreacht láidir ag Union Syndicale ar fud na hEorpa, cuimsítear ina measc institiúidí an Aontais agus seirbhísí/gníomhaireachtaí poiblí idirnáisiúnta eile amhail Oifig Eorpach na bPaitinní, Comhairle na hEorpa, na Scoileanna Eorpacha, Eurocontrol, etc;
- Tá na brainsí sin ina gcuid de Union Syndicale Fédérale, arb é an chónaidhm is mó de cheardchumann seirbhísí poiblí idirnáisiúnta é dá bhfuil ann;
- Is é Union Syndicale Fédérale an t-aon cheardchumann foirne is comhalta de na heagraíochtaí seo a leanas:
  - Seirbhísí Poiblí Idirnáisiúnta agus Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Seirbhíse Poiblí (brainse de Chónaidhm Eorpach na gCeardchumann). Sa cháil sin, oibríonn Union Syndicale go dlúth le ceardchumann náisiúnta tábhachtacha ó gach cearn den Eoraip agus ó gach cearn den domhan. Ní thagann deireadh leis an dlúthpháirtíocht ag doirse na Comhairle.
  - Gluaiseacht na hEorpa.
- I mBreithiúnas an 8 Deireadh Fómhair 1974 ón gCúirt Bhreithiúnach (Cás 175/73), aithníodh Union Syndicale mar ionadaí ar an bhfoireann ina hiomláine, bídís ina mbaill nó ná

## TUIGE CEARDCHUMANN?

Tá na dálaí oibre tar éis dul in olcas le 15 bliana anuas. Tá na Ballstáit (arb iad na fostóirí atá againn iad) tar éis an bonn a bhaint de chinnteacht phoist, ciarrúcháin foirne a dhéanamh agus uaireanta oibre a mhéadú. Tá aontacht agus dlúthpháirtíocht i measc na foirne rithábachtach chun an tseirbhís shibhialta Eorpach a chosaint agus d'fhonn a áirithiú go n-urramaítear na Rialacháin Foirne. Is léir ó na coinbhleachtaí a bhí ann roimhe seo gurb é an chosaint is fearr dá bhfuil againn seasamh le chéile agus ceardchumann láidir inchreidte a bheith againn, a bheidh in ann an fhoireann dhíograiseach ardspreagtha atá againn a bhíogadh chun gnímh.

Cuidíonn do bhallraíocht in Union Syndicale leis an méid seo a leanas:

- leasanna na foirne a chosaint,
- seirbhís shibhialta Eorpach neamhchlaonta agus ar ardchaighdeán a chaomhnú,
- leas na foirne, uaireanta oibre, comhdheiseanna agus forbairt gairme de (earcaíocht, measúnú, ardú céime, etc.) a chosaint agus a chur chun cinn,
- an ceardchumann a neartú,,
- go ndéanaimid seirbhísí a sholáthar dár gcomhaltaí, arb iad a ranníocaíochtaí an t-aon fhoirse ioncaim atá againn.

## AGUS CÉN FÁTH UNION SYNDICALE?

Tá Union Syndicale iomlán neamhspleách. Níl aon bhaint againn le páirtithe polaitiúla, rialtais ná gluaiseachtaí reiligiúnacha agus fealsúnacha.

Tá beagnach 10 000 comhalta i seirbhísí/gníomhaireachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta ag Union Syndicale. Is sinne an ceardchumann is mó atá sa Chomhairle (thart ar aon cheathrú den fhoireann).

Is sinne an ceardchumann is sine, freisin, agus tá leasanna na foirne ag an gComhairle agus ag na institiúidí eile á gcosaint againn le breis agus 40 bliain anuas.

Bainimid úsáid as na bearta agus na straitéisí is dual do cheardchumann tiomanta. Cé go bhfuil luí againn leis an idirbheartaíocht agus leis an bplé, téimid i muinín modhanna eile gníomhaíochtaí, fiú an ghníomhaíocht thionsclaíoch – más gá sin.

Is é Union Syndicale ceardchumann an dul chun cinn shóisialta.

## FAISNÉIS ÚSÁIDEACH

Union Syndicale – an Chomhairle  
teil. 02 281 64 69 – Facs: 02 281 67 09  
DOMUS>ORGANISATIONAL SERVICES>SOCIAL DIALOGUE>UNION SYNDICALE  
R-phost: union.syndicale@consilium.europa.eu

Union Syndicale Bruxelles  
teil. 02 733 98 00 – Facs: 02 733 05 33  
www.unionsyndicale.eu  
R-phost: us@unionsyndicale.eu

Ná bíodh aon drogall ort dul i dteagmháil linn má bhíonn aon cheist agat – bíodh sí ina ceist oibre nó ina ceist phearsanta.

